O Conghaile, C. (Caoimhin)
Taidhbhsi

PB
1399
037T34

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

TAIḊḂSÍ

DRÁMA TRÍ RAḊARC
DO ḂUAĊAILLÍ

Ó CONṠAILE

Taidhbhsí

TAIḊḂSÍ

DRÁMA TRÍ RAḊARC
DO ḂUAĊAILLÍ

le

C. Ó CONGAILE

BRÚN AGUS Ó NUALLÁIN, TEORANTA

An Fuireann.

Liam ..	}	Buachaillí Scoile.
Seán ..		
Páid ..		
Taidg ..		
Séamus ..		
Máthair Liam	..	Bean óg.
Sean-Mhicil	..	Sean duine.

Radharc 1.—Áit fé'n aer. Um thráthnóna.

Radharc 2.—Cistin tighe Liam an tráthnóna céadna

Radharc 3.—In aice na roilighe an oidhche sin.

LIBRARY
17
NOV
1977
UNIVERSITY
OF TORONTO

PB
1399
O37 T34

RAḊARC A HAON

Áit fé'n aer. Cúigear buaċaillí i láṫair. Taḋg is Liam ag imirt le cnóiṫe capaill. Seán is Páid á ḃfaire. Séamus ar leaṫtaoḃ 'na ċodlaḋ. Tuiteann an cnó as láiṁ Ṫaiḋg agus bruġann Liam fé ċois í.

Taḋg.—Tuige a rinne tú é sin? Naċ raiḃ ḟios agat naċ raiḃ agam aċ é? Gearánfad leis an máiġistir ṫú.

Liam.—Scéiṫire! Scéiṫire!

Taḋg.—Éist do ḃéal nó fágfad mo rian ort!

Liam.—Seo mo smig ċuġat. Buail í má tá sin de ṁisneaċ ionnat!

Taḋg.—Ní ṡalóċainn mo láṁa ar do smigín suaraċ!

Liam.—Tá eagla ort, a—a—a ṡraoidín! Sin a ḃfuil ionnat, sraoidín!

Taḋg.—Ní heaḋ! Ní heaḋ!

Liam.—Seaḋ go deiṁin. Ḃíonn tú i gcoṁnaiḋe ag cnáiṁseáil fé rud éigin.

Seán.—Is fíor ḋuit, a Liam. Níl ann aċ peata.

Taḋg.—Níor iarraḋ ort-sa do laḋar a ċur isteaċ.

Seán.—Nár iarraḋ? Aċt táim . . . .

Páid.—Tá an ceart ag Taḋg. Níl aon ḃaint ag an argóint seo leat-sa.

Seán.—Ná leat-sa aċ oireaḋ!

Páid.—Caiṫfear coṫrom na Féinne a ṫaḃairt do Ṫaḋg. Tugṫar faill dó a ċruṫú go ḃfuil misneaċ ann.

Liam.—Sin é díreaċ é! Tugtar!

Seán [go mall smaointeaċ]—Fan go fóillín. Taḃarfad-sa triail dó. Mara nglacaiḋ tú leis an triail seo ċífear gan aon daḃt gur ṁeaṫtaċán críoċnuiġṫe atá ionnat.

Taḋg [go misneaṁail]—Scaoil ċuġam do ṫriail!

Seán.—Sé seo é. Téigir suas go dtí an tseana-roilig anocht agus—ambasa, ach go bfuil sé agam—agus beir leat abaile lúb den tsean-slabra órnáideach atá timcheall ar uaig an spriúnlóra. Tá an slabra sin briste 'na fiosaí cheana féin.

[Tuiteann an lug ar an lag ag Taog.]

Páid.—Rachad-sa leat, a Taoig.

Taog.—Maith uait, a Páid! Beid fáilte Uí Cheallaig agam romat!

Seán.—Ní fhacfad leis an socrú sin. Téigead sé 'na aonar.

Liam.—Ó, ná bac leis sin, a Seáin. Téigead an beirt acu le chéile. Is beag cabair a béarfaid Páid dó nuair a léimfid an sean-duine amach as a uaig agus é ag búirtheig ar nós tairbh, agus a chuid slabraí. . . .

Páid.—Ara, ná bí ag caint ar nós amadáin. Téanam ort, a Taoig. Tá cúpla rud le réidheach againn i gcómhair na hoidche.

[Taog is Páid amach. Liam is Seán ar an ardán fós le Séamus 'na luighe i leacht aoibh.]

Liam.—Ní feadar an rachaid siad ann?

Seán.—Go deimhin is rachaid. Is féidir leat iontaoibh a beith agat as Páid.

Liam.—Nach fúinn-ne a beid an magadh nuair a thiocfaid siad slán abaile leis an slabra.

Seán.—Ach sin í an fadhb! Ní thiocfaid siad slán abaile!

Liam.—Ná habair-se liom go gcreidfeann tú go bfuil taibhsí dá ríribh ann!

Seán.—Ná bíodh ceist ort faoi sin!

Liam.—Ach tá fios ag an saoghal. . . .

Seán.—Ara, tuigim sin. Ach beid taibhsí san roilig úd anocht!

Liam.—Cé'n chaoi? Cé hiad?

Seán.—Mise is tusa, cé eile, agus cúpla sean-bhairlin!

Liam.—Dár fiaḋ! [Gáire] Am briaċar aċ gur tusa an leaḋ go bfuil an ċiall aige. Is iongantaċ an tseipt í! Is iongantaċ ar fad!

Seán.—Naċ againn a beiḋ an spórt!

Liam.—D'féadfá a ráḋ!

Seán.—Níl uainn anois aċ na bairlíní.

Liam.—Tá réiḋteaċ na ceiste sin agam-sa. Ċonnaic mé peiḋre sa mbaile i gcófra im seomra. Déanfaiḋ siad cúis—má's féidir liom iad do breiṫ liom i ngan fios dom máṫair.

Seán.—Béarfainn an cófra féin liom dá mba gáḋ é ċun tuisleaḋ a baint as an mbeirt úd.

Liam.—Téigimís á lorg. Déaid, aċ naċ ann a beiḋ an spórt!

[Liam is Seán amaċ. Suiḋeann Séamus aniar is féaċann 'na timċeall.]

Séamus.—Spórt, a mic. Beiḋ spórt ann go cinnte aċ déarfainn naċ agaiḃ-se a beiḋ sé nó tá dul amuġa orm. D'féidir go bféadainn díoġaltas a baint den beirt úd de bárr cúpla droċ-ċleas a d'imir siad orm. Is féidir liom beart maiṫ a déanamh dom féin san am ċéadna. Cuirfead néall eile tarm roimh tae. [Luiġeann siar arís.] [Taḋg is Páid isteaċ.]

Páid.—Ara, féaċ ar an gcorp!

Taḋg.—[Go heaglaċ.] Corp, a duine! Cé'n áit.

Páid.—Sin é ċall é.

Taḋg.—Ó, níl ann aċ Séamus. Ba ḋóḃair duit an t-anam a baint asam.

Páid.—[Ag bualaḋ Séamuis le n-a ċois.] Hé! a giolla na leisce!

Séamus.—Um, um——. Cá bfuil——ó tusa atá ann, a Páid. [Suiḋeann sé aniar agus sineann sé a lámh amaċ.] Céard tá uait?

Taoig.—Ceapamar gur marb a bí tú! Nac mór an fear codalta atá ionnat?

Séamus.—Is beag codlad a geobaid tusa anocht, a Taoig . . . ná tusa ac com beag, a Páid. Beid an tarna néall curta díom agam agus sib-se ar bruac na huaige. Is ait an caiteamh aimsire é. Ac beata duine a toil. Maidir liom féin, b'fearr liom an leaba.

Páid.—Is fíor duit, a Séamuis. Is fuar an obair atá romhainn.

Séamus.—Nios fuaire 'ná mar ceapair. Cuala féin rud éigin—e—e—suimeamail——.

Taoig.—Céard é féin? Innis dúinn é.

Séamus.—Nac bog atáim agaib! Ní bfuigid sib aon eolas uaim-se ar neamhní.

Páid.—Ná bac leis, a Taoig. Níl sé ac d'iarraid dallad mullóg a cur orainn.

Séamus.—Geallaim-se duit go bfuil dul amuga ort. Díolfaid tú go daor as mara ndíolaid tú liom-sa air.

Páid.—B'féidir go bfuil sé dá ríreb. Muna bfuil tá fios agam cé beid ag díol! Céard tá uait?

Séamus.—Céard tá agat?

Taoig.—[Ag cuardac 'na pócaí.] Fan go bfeicead. Sean-scian póca, píosa téide, milseán brúigte agus dá cnó capaill.

Páid.—Níl faic agam-sa a sáruigeann na seoda sin!

Séamus.—Tá go maith. Níl uaim ac aon rud amáin . . . go ndéanfad sib mo cuid oibre teinteáin dom go cionn seactmaine. Tá mé ag éirge liat ag an obair teinteáin mhalluigte céadna.

Taoig.—Is árd an luac saothair atá uait.

Páid.—D'féadfá a rád! Agus níl púinn muc i mála a ceannac. Scaoil cugainn do scéal agus geallaimíd duit go bfuigir a luac uainn.

Séamus.—Bíoḋ 'na ṁarḡaḋ! Ċuala Seán is Liam aḡ cainnt le ċéile. Tá socruiḡṫe aca bairlíní a ċur umpa aḡus ḡeit a ḃaint asaiḃ aḡ an roiliḡ anoċt.

Páid.—Ó! na biṫeaṁnaiḡ! Toḡa fir, a Ṡéamuis! Is fiú na céadta an t-eolas sin! Díolfar leat.

Séamus.—Is mór an faoiseaṁ é sin. [Osna.] Tiḡ liom néall eile a ċur díom ó ṫarla an meaḋċan sin tóḡṫa dem aiḡne. [Luiḡeann.]

Taḋḡ.—Caiṫfimíd bob a ḃualaḋ ar an mbeirt ċleasaiḋe úd ar ṡliḡe éiḡin. Aċ cé'n ċaoi é ḋéanaṁ, sin í an ċeist.

Páid.—[Aḡ taḃairt buille dá uilleann do Ṫaḋḡ.] Níl ḡaċ uile ḃairlín ar an mbaile aḡ Seán is aḡ Liam, a ṁic ó.

[Brat.]

RAḊARC A DÓ.

Cistin i dtiġ Liam. Liam isteaċ. Ċítear Seán aġ féaċaint isteaċ ṫríd an ḃfuinneoiġ.

Liam.—Riṫfead suas an staiġre agus caiṫfead na bairlíní anuas ón ḃfuinneoiġ ċuġat. Bí-se réiḋ le breiṫ orṫa.

Seán.—Tá go maiṫ. Aċ ná bí i ḃfad. Má ċítear mise annso . . . .

Liam.—Seo ċuġainn mo ṁáṫair. Síos leat as raḋarc go beo.

[Téiġeann Seán síos as raḋarc. An Ṁáṫair isteaċ.]

An Ṁáṫair.—An é an t-ocras a ṫuġ isteaċ ṫú, a ṁaicín.

Liam.—À ṁam, is aṁlaiḋ. . . .

An Ṁáṫair.—Muise, ní ḋéanfainn daḃt díot. Bí id ḃuaċaillín ṁaiṫ agus beir amaċ an buicéad luaṫa sin dom. Nuair a ḃeiḋ na gréiṫre seo niġṫe agam tosóċad ar an tae d'ullṁú. [Tosuiġeann sí aġ obair.]

Liam.—Tá go maiṫ, a ṁam. [Tóġann sé an buicéad. Tuiteann sé ṫar stóilín agus doirteann sé an luaiṫ.]

An Ṁáṫair.—Go ḃfóiriḋ Dia orainn! Tá an t-urlár loiṫte agat!

Liam.—Cén mí-áḋ a ċuir an stól bradaċ sin annsin? [Éiriġeann.] Riṫfead suas i gcóṁair na scuaibe.

An Ṁáṫair.—Riṫfir suas? Féaċ ṫall sa ċúinne í.

Liam.—Is fíor ḋuit, a ṁam. Ní ḟaca in aon ċor í. Naċ ait san! [Scuabann go dian.]

An Ṁáṫair.—Gaḃ go réiḋ leis an scuaib sin. Táim plúċta aġ an ndeannaċ agat. [Casaċt.]

Liam.—Tá buidéal leiġis scórnaiġe ṫuas im ṡeomra raċad suas fé n-a ḋéin.

An Ṁáṫair.—Ná bac leis, a ṁaicín. Craiṫ fuiġleaċ an ċorcáin tae ar an urlár agus leiġisfear an scéal.

Liam.—Nár ḃfearr dom an leiġeas úd d'ḟáġáil?

An Ṁáṫair.—Níl aon ġáḋ leis anois. Seo ḋuit an corcán.

[Síneann sí an corcán ċuige agus craiṫeann sé an fuiġleaċ ar an urlár.]

Liam.—[Leis féin.] Caiṫfead dul anáirde ċun na bairlíní a ḟaġáil, aċ cionnus? [Ós árd.] A—a—a—, a ṁam?

An Ṁáṫair.—Seaḋ, a ṁic.

Liam.—Naċ mbeaḋ sé níos fearr dom dul suas agus aṫrú éadaiġ a ċur orm? Loitfear an culaiṫ seo ag an ndeannaċ.

An Ṁáṫair.—Tá sé ró-ḋéanaċ anois ḃeiṫ d' iarraiḋ an ċulaiṫ sin a ċosaint. Is eagal liom go ḃfuil a ṗort seinnte. Aċ seo aprún duit mar sin féin.

Liam.—Ó, a ṁam, ná hiarr orm é sin a ċaiṫeaṁ! Ḃeinn náruiġṫe go deo.

An Ṁáṫair.—Cuir umat é, a ḋailtín. [Tógann sí aprún de ḋruim caṫaoireaċ agus síneann ċuige é.]

Liam.—[Ag tógaint an aprúin.] Ó, tá go maiṫ.

[Ċítear Seán ag an ḃfuinneoig. Tugann sé coṁarṫa do Liam dul fé ḋéin na mbairlín. Bagrann seisean air dul ċun as raḋarc go beo. Téiġeann Seán as raḋarc. Ní ḟeiceann an Ṁáṫair na cleasa seo toisc í ḃeiṫ ag níġe na ngréiṫre ag an mbórd.]

Liam.—A ṁam?

An Ṁáṫair.—Céard é féin, a laoġ?

Liam.—An ḃfuil na leabṫaċa cóiriġṫe agat fós?

An Ṁáṫair.—Táid. Tuige?

Liam.—Tada, ac gur ceapas go ndéanfainn duit é. Tá an luait uilig bailigte agam.

An Máthair.—Measaim gur áluinn an cóiriú a déanfá-sa ar na leabtaca céadna. Ná doirt an luait sin arís anois.

[Suidheann Liam ar an stól agus cuireann sé cuma air ar a agaid. Cuireann sé lámh leis ar a bolg. Féachann an Máthair air.]

An Máthair.—Céard tá ort in aon chor?

Liam.—Tá tinneas builg orm. Silim gur bhfearr dom dul anáirde staighre agus luighe ar mo leabaidh ar feadh tamaillín.

An Máthair.—Tá fios agam-sa céard tá ort. Bí tú ag mo chuid uball arís, cé go ndubairt mé leat gan bacaint leo. [Tógann sí buidéal is spunóg as cófra.] Seo deoch bhreágh fóghanta d'ola castor duit. Cuirfidh sin biseach ort. Agus múinfidh sé ceacht duit chomh maith.

Liam.—[Leis féin.] Ó, mo léan! Tá mo phort séimhte! [Ós árd.] Tá biseach orm, a mham. Ní raibh ann ach taom. Níl aon ola uaim. Féach ar an tslighe gur féidir liom léim a chaitheamh. [Caitheann sé cúpla léim.]

An Máthair.—Cuir uait na lúit-chleasa! Seo duit an t-ola. [Sineann sí an spúnóg chuige] Oscail do bhéal!

Liam.—Á! A mham, ná tabair dom é!

An Máthair.—[Í ag tabairt an ola dó.] Oscail do bhéal! Go leathan. Sluig siar é. Glan an spúnóg leo theangain. [Grabas ar Liam.] Cuirfidh sin feabhas ort.

[Cnag ar an ndoras.]

An Máthair.—Rith agus oscail é sin dom, a mhic.

Liam.—Ní ḟéadfainn, a ṁam. Táim níos measa anois ná mar a ḃí mé riaṁ.

An Ṁáṫair.—Tá go maiṫ. Oscloċad féin é. Dá mba rud é go ḃfuairis cuire ċun na pictiúirí geallaim-se ḋuit go riṫfeá!

[An Ṁáṫair amaċ.]

Seán.—[Ag an ḃfuinneoig.] Cé'n rud sa ṁí-áḋ atá ar siuḃal agat?

Liam.—Mí-áḋ! Ḋeaṁan bréag ann! Droċ-raṫ ar an mbeirt úd. Is millteaċ an deoċ d'ola castor atá faiġte agam dá mbárr!

Seán.—Déan deifir nó fillfiḋ do ṁáṫair.

Liaṁ.—Tá go maiṫ. Ġeoḃad anois iad. Bí-se réiḋ le breiṫ orṫa.

Seán.—Ó, táim-se réiḋ le leaṫ-uair.

[Liam amaċ. Cromann Seán as raḋarc.]

[An Ṁáṫair is Sean-Ṁicil isteaċ. Mála á iomċar aige féin.]

An Ṁáṫair.—Fág na prátaí sin ṫall sa ċúinne, a Ṁicil.

Sean-Ṁicil.—Fágfad is fáilte. Ní haon tsop iad. [Leagann an mála i gcúinne.]

An Ṁáṫair.—Díolfad asta Dia Luain. Níl an t-airgead agam anois.

Sean-Ṁicil.—Oċ, tóg t'am. Níl deifir ar biṫ orm leis an airgead a ḟaġáil.

An Ṁáṫair.—Tá deifir orm-sa anois. Níl an tae réiḋ agam fós.

Sean-Ṁicil.—Is deifreaċ an saoġal atá ann. Leigfead mo scíṫ ar feaḋ tamaillín. [Suiḋeann ar an stól.] Ar ċualais an scéal mar ġeall ar an dtaiḋḃse? [Ċítear Seán ag an ḃfuinneoig agus é ag féaċaint isteaċ ag éisteaċt i ngan ḟios don ḃeirt istiġ.]

An Ṁáṫair.—Níl am agam ḃeiṫ ag éisteaċt led ċuid scéalta greannṁara. [Tosuiġeann sí ar na gréiṫre arís.]

Sean-Ṁicil.—Scéalta greannṁara! Is beag greann sa scéal seo! An doċtúir féin a ċonnaic é.

An Ṁáṫair.—Céard a ċonnaic sé?

Sean-Ṁicil.—Sin é díreaċ an rud atáim d' iarraiḋ a innsint duit. Do ċonnaic sé taiḋḃse ṫuas sa roilig . . . taiḋḃse a ṡáruiġ an ḃean-siḋe féin leis an olagón a ḃí ar siuḃal aige!

An Ṁáṫair.—Ara, níl ann aċ scéal scéil.

Sean-Ṁicil.—Go deiṁin is ní heaḋ. Ċonnaic an máiġistir leis é. Ḃíodar beirt ag filleaḋ ó ṫórraṁ aréir.

An Ṁáṫair.—Tá craiceann na fírinne ar an scéal anois. Aċ màr . . .

[Tuiteann na bairlíní anuas ṫar an ḃfuinneoig ar ḃárr Ṡeáin. Cuireann Seán liúġ as. Ċíonn Micil é.]

Sean Ṁicil.—[É ag tuitim den stól.] Ó, a Ṁuire! Ó! Féaċ! An taiḋḃse! [Baintear geit as an máṫair agus briseann sí an cupán a ḃí á ṫirimiú aice.]

An Ṁáṫair.—Taiḋḃse? Cé'n áit?

[Cromann Seán as raḋarc. Ní ḟeiceann sise é.]

Sean-Ṁicil.—Tá—tá—tá sí imṫiġṫe! Ḃí sí ag an ḃfuinneoig! Ó, pléascfaiḋ mo ċroiḋe!

An Ṁáṫair.—[Í ag féaċaint i dtreo na fuinneoige.] Níl rud ar biṫ ann, a ṡean-amadáin! A leiṫéid de ġeit a ḃaint asam led ċuid ráiméis! Agus féaċ ar mo ċupáinín gleoite briste agat! Taiḋḃse! Is ait an taiḋḃse tú féin! Scrios amaċ as seo nó fágfaiḋ mé mo rian ort. [Déanann sí iarraċt ar é ḃualaḋ le tuḃáile na ngréiṫre.]

[Brat.]

RAḊARC A TRÍ.

Ḋorċadas. Sean-ḃalla bristе in aice na roiliġe. Taḋg is Páid isteaċ. Ḃairlíní á iomċar aca.

Páid.—Seo é an áit.

Taḋg.—Is uaigneaċ an áit é.

Páid.—Táimíd ann rómpa ar aon ċaoi. Is dóċa gur ḃfearr ḋúinn sinn féin a ġléasaḋ agus dul i ḃfolaċ.

Taḋg.—Sin áit foluiġṫe dúinn ṫall annsin ar ċúl an ḃalla sin. Seo, a Ṗáid, fill é seo timċeall orm ar dtúis.

[Tóġann Páid an bairlín agus filleann sé timċeall ar Ṫaḋg é.]

Páid.—Ḋar Peats! Aċ gur taiḋḃse ċríoċnuiġṫe ṫú!

Taḋg.—Ġléasfad-sa tusa anois. [Filleann sé an bairlín eile timċeall ar Ṗáid.] M'anam! Aċ dá ḃfeicinn ar an mbóṫar ṫú go ḃfágfainn le huaḋaċt gurḃ é an Fear Mór féin a ḃí ċuġam!

Páid.—Ġeallaim-se ḋuit go múinfimíd ceaċt don ḃeirt ċleasaiḋe úd. Isteaċ leat ar ċúl an ḃalla agus ná bíoḋ gíog ná míog asat.

Taḋg.—Ġeoḃaimíd an slaḃra nuair a ḃeiḋ an cleas seo críoċnuiġṫe againn.

[Téiġeann an ḃeirt aca i ḃfolaċ.]

[Seán is Liam isteaċ. Ḃairlíní aca.]

Seán.—Céard é do ṁeas ar an scéal sin ag Sean-Ṁicil i dtaoḃ na dtaiḋḃse.

Liam.—Ní raiḃ ann aċ ráiméis. Dá ḃfeiceaḋ aon taiḋḃse an doċtúir is an máiġistir i dteannta a ċéile ġeallaim-se ḋuit gur aisti féin a ḃainfí an ġeit!

Seán.—[Ġáire neirḃíseaċ.] 'Is fíor ḋuit. Aċ ḃí tórraṁ ar an mbaile aréir. Ḃ' ḟearr liom go mór an cleas seo a ċur ar aṫ-ló.

Liam.—Ná bí ċoṁ faitċeaċ sin. Ċeapfaḋ duine ort gurab é Taḋg a ḃí i láṫair!

Liam.—Ba ċeart go mbeaḋ siad ċuġainn gan ṁoill.

Seán.—Cuirimís na bairlíní orainn.

[Tosuiġid á ngléasaḋ féin.]

Liam.—An ḃfuil plean ar biṫ agat ċun geit ṁaiṫ a ḃaint asta?

Seán.—Raċaimíd i ḃfolaċ ar ċúl an ḃalla sin ṫall agus tosoċaimíd ag déanaṁ olagóin. Seaḋ. Agus déarfaiḋ mise "Cé ċreaċ mo uaiġ!"

Liam.—Sin smaoineaṁ maiṫ. Agus éireoċaimíd 'nár seasaṁ.

Seán.—Árdoċaimíd na láṁa mar seo. [Árduiġeann sé na láṁa.]

Liam.—Agus déanfaimíd olagón uaṫḃásaċ.

Seán.—M'anam, aċ go mbainfiḋ siad deataċ as an mbóṫar ag dul aḃaile ḋóiḃ! Naċ ann a ḃeiḋ an spórt.

[Tosuiġeann an ḃeirt aca ar ġáiriḋe.]

Liam.—[É ag cainnt ṫríd an ngáiriḋe.] Téiġmís i ḃfolaċ anois.

[Téiġid fé ḋéin an ḃalla.]

Páid.—[É ag cainnt i nglór uaigneaċ ó ċúl an ḃalla.] Ó—ó—ó! Cé ċuir na gasúir ċun mo uaiġ a ċreaċaḋ? Ó—ó—ó!

[Stadann Seán is Liam tamall amaċ ón mballa.]

Liam.—C-c-c-céard é s-s-sin?

Seán.—Is d-d-dóċa naċ raiḃ ann aċ an ġaoṫ.

Páid.—Ó-ó, droċ-raṫ ar an ḃfód seo atá sáiḋte im ċluais. Ní féidir liom faic a ċloisint leis.

[Éiriġeann Páid is Taḋg 'na seasaṁ le n-a gcuid láṁ san aer.]

Liam.—Féaċ! Féaċ!

Seán.—Taiḋḃsí atá ann, beirt aca! Go ḃfóiriḋ Dia orainn!

Liam.—Céard a déanfaimíd ar cor ar bit?

Seán.—N-n-níl 'fios agam. N-n-ní f-féidir liom c-cor ar bit a baint as m-mo cuid c-cos.

Liam.—M-mar s-sin dom-sa é l-leis.

Seán.—D'fearr dúinn paidir a rád.

Liam.—Ní f-féidir l-liom é. Táid go léir d-dearmadta agam.

Páid.—Céard a déanfaimíd leo?

Tadg.—Deirimís greim orta.

Liam.—Ná dein, ná dein. Spáráil sinn, a tairbse mait! Déin trócaire orainn!

Seán.—Ná bac linn. Ní rabamar ach ag magadh.

Páid.—Ag magadh?

Tadg.—Sin é a dubairt sé.

Páid.—Is ait an magadh é.

Tadg.—D'féadfá a rád.

Páid.—Múinfimíd-ne béasaí díb!

Liam.—Ó, a mamaí! Sábáil sinn!

Seán.—Cad nach dtabarfainn ar beit im leabaid!

Tadg.—Ba mait leis beit 'na leabaid.

Páid.—A ndeirir sin liom? Nach dog atáimíd, dar leis!

Liam.—A tairbse cneasta, ná marbuig sinn!

Páid.—Céard dubairt sé an uair sin? Táim bodar ag an bfód seo im chuais.

Tadg.—D'iarr sé orainn gan iad a marbú.

Seán.—Leigid abaile sinn. Deimíd 'nár mbuachailli maite as seo amach.

Páid.—Céard tá á rád anois aige? Mo cubaist ar an bfód seo!

Tadg.—D'iarr sé orainn iad a leigint abaile. Geall sé go mbeidís 'na mbuachailli maite as seo amach.

Páid.—Ní feadar an féidir linn iontaob a beit againn asta?

Liam is Seán.—[le Céile] Is féidir! Is féidir!

Páid.—Ba mhaith liom féin iad d'ithe!

Taidhg.—Nach maith is eol duit gurab i an Aoine atá ann agus nach bfuil cead agat feoil d'ithe?

Páid.—Is fíor duit. Silim mar sin gur bhfearr duinn leigint dóib.

Taidhg.—Déanaimís é sin. Táim-se ag éirghe fuar annso. Tá na scoilteacha go dona agam ó tháinic an aimsear fliuch.

Páid.—Scaoilimís iad, má's eadh. Amach as seo leis an mbeirt agaibh. Má feicimíd annso sibh arís. . .

[Tosuigheann Taidhg is Páid ag déanamh olaghóin is imtigheann siad as radharc. Déanann an bheirt eile iarracht ar rith amach. Ritheann siad i gcoinnibh a chéile. Bíonn siad d'iarraidh éirighe nuair a thuiteann an brat.]

[Brat.]

An Chríoch.

LIBRARY
17
NOV
1977
UNIVERSITY
OF TORONTO

1499.

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY